**Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) a taisceadh an 22 Aibreán 2022 – Edil Work 2 S.r.l., S.T. S.r.l v STE S.a.r.l.**

**(Cás C-276/22)**

(2022/C 266/19)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóirí:* Edil Work 2 S.r.l., S.T. S.r.l

*Cros-achomharcóir:* STE S.a.r.l.

**An cheist a tharcuirtear**

An gcuireann Airteagail 49 agus 54 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh cosc ar Bhallstát inar bunaíodh cuideachta (cuideachta faoi dhliteanas teoranta) ar dtús forálacha a dhlí náisiúnta a bhaineann le hoibriú agus le bainistiú na cuideachta a chur i bhfeidhm ar an gcuideachta sin i gcás ina gcoimeádann an chuideachta sin, tar éis a hoifig chláraithe a aistriú agus a bheith athchorpraithe faoi dhlí an Bhallstáit cinn scríbe, a lárionad gníomhaíochtaí sa Bhallstát tionscnaimh agus ina bhfuil éifeacht chinntitheach ag an ngníomh bainistíochta i dtrácht ar ghníomhaíochtaí na cuideachta?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék (an Ungáir) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – A.T.S. 2003 Vagyonvédelmi és Szolgáltató Zrt. (faoi leachtú) v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága**

**(Cás C-289/22)**

(2022/C 266/20)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* A.T.S. 2003 Vagyonvédelmi és Szolgáltató Zrt. (faoi leachtú)

*Cosantóir:* Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) Ar chóir Airteagail 167, 168(a) agus 178(a) den Treoir CBL ([1]) a léiriú sa chaoi gurb é is brí leo, má thagann an t-údarás cánach, maidir le haon bhall de shlabhra soláthair, ar shárú ar rialacháin speisialta maidir leis na seirbhísí arna gcur ar fáil faoin gconradh arna shíniú leis an gcáiníocóir nó faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir bhaill an tslabhra, nó ar shárú ar aon chineál rialacháin eile, gur fíoras ann féin é neamhchomhlíonadh dá leithéid, mar dhála oibiachtúil, lena léiriú gurb ann do chalaois chánach, fiú amháin dá mbeadh gníomhaíochtaí de chuid bhaill an tslabhra dleathach ar gach slí, nó an mbeadh ar an údarás cánach a shainiú chomh maith sa chás sin cad atá sa chalaois chánach, chomh maith lena déanamh ag cé acu de na baill agus le cén gníomh a rinneadh í? Sa chomhthéacs seo, i gcás go dtagtar ar neamhchomhlíonadh, an bhfuil sé riachtanach don údarás cánach an nasc cúisíoch idir neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla lena rialaítear an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ceart an cháiníocóra chun asbhainte a scrúdú, sa chaoi nach bhféadfaí ceart an cháiníocóra chun CBL a asbhaint a shéanadh air ach amháin má thagtar ar nasc dá leithéid?

2) I bhfianaise na n-airteagal thuasluaite den Treoir CBL, chomh maith leis an gceart chun nós imeachta cóir a chumhdaítear mar phrionsabal ginearálta den dlí le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabail bhunúsacha na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla, an bhféadfaí a chur ar an gcáiníocóir, laistigh de raon feidhme a oibleagáid rialála ginearálta, a fhíorú ar chomhlíon iarbhaill an tslabhra na hoibleagáidí arna leagan síos le rialacháin speisialta maidir le comhlíonadh na seirbhísí ar cuireadh sonrasc ina leith agus comhlíonadh na rialachán chun feidhmiú go dleathach? I gcás go dtugtar freagra dearfach, an oibleagáid leantach é sin ar an gcáiníocóir do thréimhse an chaidrimh dlí nó, más ea, cá mhinice is gá é a chomhlíonadh?

3) Ar chóir Airteagail 167, 168(a) agus 178(a) den Treoir CBL a léiriú sa chaoi gurb é is brí leo, má bhraitheann an cáiníocóir gur mhainnigh aon iarbhall den tslabhra a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh, go gcothaítear dualgas don cháiníocóir gan a cheart a fheidhmiú chun CBL ar ionchur a asbhaint sa chás sin, faoi phian go rangófaí an t-iarratas ar asbhaint CBL mar imghabháil cánach?

4) Ar chóir na hairteagal thuasluaite den Treoir CBL a léiriú, i gcomhar le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus na neodrachta fioscaí, sa chaoi gurb é is brí leo, ar imscrúdú agus rangú chineál chalaoiseach an tslabhra, chomh maith le dearbhú na bhfíoras ábhartha agus measúnú na fianaise is taca don mhéid sin, nach bhféadfaidh an t-údarás cánach neamhaird a thabhairt ar fhorálacha na rialachán speisialta maidir le seirbhísí ar cuireadh sonrasc maidir leo, go háirithe ar na rialacha lena ndéantar rialáil ar chearta agus ar oibleagáidí na bpáirtithe?

5) An bhfuil sé i gcomhoiriúnacht leis na hairteagail thuasluaite den Treoir CBL, leis an gceart chun nós imeachta cóir a chumhdaítear mar phrionsabal ginearálta den dlí le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, go ndéantar frisnéis mar chleachtas de chuid an údaráis chánach, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an gceart asbhainte maidir le hidirbheart eacnamaíoch arna thabhairt i gcrích le linn gníomhaíocht lena soláthraítear seirbhísí, a bhfuil taifead ann don ghníomhaíocht eacnamaíoch sin le sonraisc, conarthaí agus doiciméid eile cuntasaíochta, ar bhonn na faisnéise arna fáil ag an údarás cigireachta le linn na cigireachta, na ráitis a thug na daoine a ndearnadh measúnú orthu le linn na cigireachta, chomh maith leis na ráitis finné arna dtabhairt ag oibrithe arna bhfostú ag gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaigh maidir lena dtuairim ar a gcaidreamh fostaíochta, cén cháilíocht dlí a chuireann siad ina leith agus cé a mheasann siad atá mar fhostóir acu?

6) An bhfuil sé i gcomhoiriúnacht leis na hairteagail thuasluaite den Treoir CBL, leis an gceart chun nós imeachta cóir a chumhdaítear mar phrionsabal ginearálta den dlí le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, mar chleachtas de chuid an údaráis chánach, le rogha an cháiníocóra a ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i gcaoi a chumasaítear dó a chostais a laghdú a mhéid is féidir, go gcáilítear an méid sin mar fheidhmiú neamhrialta a chirt agus, ar an mbonn sin, go bhfeidhmíonn an t-údarás cánach a cheart chun conarthaí a athrangú i gcaoi go gcruthófaí conradh idir páirtithe nach raibh faoi cheangal conartha roimhe sin?

(1) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006, L 347, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Administrativen sad Varna (an Bhulgáir) a taisceadh an 4 Bealtaine 2022 – Teritorialna direktsia Mitnitsa –Varna v "NOVA TARGOVSKA KOMPANIA 2004" AD**

**(Cás C-292/22)**

(2022/C 266/21)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administrativen sad Varna

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Teritorialna direktsia Mitnitsa -Varna

*Freagróir ar an achomharc:* "NOVA TARGOVSKA KOMPANIA 2004" AD